**Oifig an Ard-Aighne**
Office of the Attorney General

# Ráiteas Straitéise

2023–2026



# Clár


| | |
|---|---|
| Brollach ón Ard-Aighne | 02 |
| Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir, ón bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus ón bPríomh-Aturnae Stáit | 03 |
| Ár misean agus ár bhfís | 04 |
| Maidir linne | 06 |
| An méid a dhéanaimid | 08 |
| Príomhpháirtithe leasmhara | 13 |
| Ár luachanna | 14 |
| Dualgas i leith comhionannas agus cearta an duine san earnáil phoiblí | 16 |
| Clár an Rialtais | 18 |
| Gníomhú ar son na haeráide | 19 |
| Dúshláin i dtimpeallacht atá ag athrú | 20 |
| Ár straitéis | 24 |
| Ár spriocanna | 26 |
| Mar a oibrímid | 34 |

- Abhcóidí Comhairleacha
- Dréachtóirí Parlaiminte
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Brollach ón Ard-Aighne

Fáiltím roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise 2023 – 2026 seo d'Oifig an Ard-Aighne. Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm i rith mo thréimhse oifige, a thosaigh nuair a ceapadh mé ar an 17 Nollaig 2022. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair chrua mo réamhtheachtaí, Paul Gallagher SC, agus d'fhoireann uile na hOifige a bhí ann le linn Ráiteas Straitéise na hOifige roimhe seo.

Tá ról ríthábhachtach ag an Oifig seo maidir le tacú leis an Rialtas a chuspóirí a bhaint amach. Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí.

Tá an Ráiteas seo á threorú ag an misean sin agus tugtar san áireamh Clár an Rialtais agus tionchar suntasach na timpeallachta seachtraí a bhíonn ag síorathrú ina n-oibríonn an Oifig. Leagtar an Straitéis amach ar fud ceithre sprioc ardleibhéil, gach ceann le baint amach trí shraith cuspóirí agus gníomhaíochtaí mionsonraithe. Trí na cuspóirí sin, tabharfar treoir d'obair na nAbhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus do riarachán na hOifige.

Tá foireann agus lucht bainistíochta na hOifige iomlán tiomanta don Ráiteas Straitéise seo agus táim ag súil le bheith i mbun oibre leo, lena chinntiú go gcuirfimid, le chéile, an straitéis i bhfeidhm.



**Rossa Fanning**
An tArd-Aighne

# Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir, ón bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus ón bPríomh-Aturnae Stáit

Is cúis áthais dúinn an Ráiteas Straitéise seo a chur i láthair don tréimhse 2023–2026, atá forbartha ionas go mbeidh an Oifig in ann a seirbhísí a chur ar fáil de réir ár misin agus ár luachanna, agus chun cuidiú leis an Oifig na dúshláin a bheidh romhainn a shárú le linn shaolré na Straitéise.

Táimid tiomanta do rannpháirtíocht leanúnach lenár Ranna agus Oifigí cliaint agus dá riachtanais agus dá n-ionchais, lena n-áirítear comhoibriú leanúnach idir Ranna a éascú agus tacú leis sin. Sa chomhthéacs sin, leagtar amach sa Straitéis na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhartha trína ndéanfar ár gcomhlíonadh agus dul chun cinn leanúnach a thomhas.

Cé nach n-athraíonn croífheidhmeanna na hOifige i ndáil le tacú le ról bunreachtúil an Ard-Aighne, reachtaíocht an Rialtais a dhréachtú agus comhairle agus cúnamh dlí a chur ar fáil, tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht ina n-oibrímid agus leanfar den athrú sin amach anseo.

Tá dlús á chur i gcónaí leis an luas ag a bhfeidhmíonn an Rialtas, agus tá an réimse dúshlán lena bpléann sé sa bhaile agus go hidirnáisiúnta ag dul i méid i gcónaí. Ní mór dúinn a bheith in ann ár dtosaíochtaí a oiriúnú agus a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis na riachtanais a thiocfaidh chun cinn.

Ní féidir spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha na Straitéise seo a sheachadadh ach amháin trí obair agus tiomantas fhoireann na hOifige seo, agus tá an Straitéis seo dírithe ar na tacaíochtaí a theastaíonn chun a gcuid oibre a dhéanamh ar na leibhéil is airde.

Táimid bródúil tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne ina ról bunreachtúil, éascaíocht a dhéanamh ar an Rialtas tabhairt faoi na haidhmeanna a leagtar amach i gClár an Rialtais. Chuige sin, táimid ag tnúth le comhoibriú éifeachtach leanúnach lenár Ranna agus Oifigí cliaint thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo.



**Damien Moloney**
An tArd-Stiúrthóir



**June Reardon**
An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte



**Maria Browne**
An Príomh-Aturnae Stáit

# Ár misean agus ár bhfís

## MISEAN

Is é an misean atá againn an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí.

## FÍS

Is é an fhís atá againn barr feabhais a spreagadh inár bhfoireann, a bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le forbairtí dlí agus seirbhís dhosháraithe a chur ar fáil dár gcliaint.



# Maidir linne

**Is é an tArd-Aighne príomhoifigeach dlí an Stáit agus tugtar faisnéis dó maidir le cúrsaí ar fad an Rialtais a bhaineann le dlí, cearta an duine nó an bunreacht. Tugtar údarás dó faoi Airteagal 30 den Bhunreacht.**

Cuimsíonn Oifig an Ard-Aighne Abhcóidí Comhairleacha, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.


Is iad príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne -

- comhairle dlí a sholáthar do Ranna Rialtais,
- reachtaíocht a dhréachtú do Ranna Rialtais,
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar,
- seirbhísí tíolactha agus idirbheartaíochta a sholáthar.

Agus breis is 300 ball foirne dlíthiúla againn (lena n-áirítear Abhcóidí Comhairleacha agus Aturnaetha Stáit iasachtaithe) chomh maith le 470 ball foirne ar an meán san iomlán, cuirimid réimse iomlán seirbhísí speisialaithe dlí ar fáil do Ranna agus Oifigí cliaint lena n-áirítear obair chomhairleach, dréachtú reachtaíochta, dhlíthíochta agus idirbheartaíochta.



Tá eolas domhain institiúideach againn maidir le córas feidhmithe an Stáit agus an Rialtais. Mar gheall air sin agus mar gheall ar na scileanna dlí gairmiúla atá ag ár bhfoireann dhúthrachtach a bhfuil taithí acu, agus ár ndearcadh iomlánaíoch i leith an Rialtais, cuirtear ar ár gcumas cuidiú leis an Ard-Aighne seirbhís ghairmiúil atá ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcliaint.


An tArd-Aighne
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
Abhcóidí Comhairleacha
Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

# An méid a dhéanaimid

## Abhcóidí Comhairleacha

Príomhchúraim na nAbhcóidí Comhairleacha is ea –

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas,
- dlíthíocht a stiúradh,
- comhairle a chur ar fáil i ndáil le reachtaíocht nua a fhorbairt

Tá thart ar 45 Abhcóide Comhairleach ann atá eagraithe i 5 ghrúpa, ina gclúdaítear réimse leathan speisialachas dlí. (Féach 'Mar a oibrímid' lch. 34)

Tá saineolas suntasach ag na hAbhcóidí Comhairleacha ar fud réimse saincheisteanna dlí a thagann chun cinn sa saol poiblí, lena n-áirítear an méid seo a leanas -

- dlí bunreachtúil & riaracháin,
- an dlí Eorpach, lena n-áirítear dlí iomaíochta, státchabhrach agus cosanta sonraí,
- dlí coiriúil,
- habeas corpus,
- póilíniú,
- dlí um príosúin,
- sláinte,
- pleanáil & comhshaol,
- dlí um leanaí & teaghlaigh,
- oideachas,
- athchóiriú an dlí shibhialta,
- inimirce & tearmainn,




- cáin,
- soláthar poiblí,
- fóntais,
- baincéireacht & airgeadas,
- caiteachas poiblí,
- talmhaíocht,
- muirí,
- cosaint,
- dlí réadmhaoine,
- leas sóisialach & pinsin,
- dlí saothair,
- fuinneamh,
- tithíocht.

## Dréachtóirí Parlaiminte

Soláthraíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (“ODP”) sainseirbhís don Rialtas maidir le reachtaíocht a dhréachtú.

Príomhobair an ODP is ea -

- Billí Rialtais a dhréachtú, lena n-áirítear Billí chun an Bunreacht a leasú,
- Leasuithe ar Bhillí ón Rialtas a dhréachtú atá le moladh i dTithe an Oireachtais,
- Ionstraimí reachtúla áirithe a dhréachtú, lena n-áirítear rialacháin ina n-aistrítear dlí an AE agus rialacháin agus orduithe intíre.

Cuimsíonn an ODP foireann de 39 Dréachtóir Parlaiminte a bhfuil oiliúint ag leibhéal ard orthu sa tsaindisciplín maidir le reachtaíocht a dhréachtú. Tá an ODP eagraithe i 4 ghrúpa ar a bhfuil freagracht ar gach ceann ar leith as na seirbhísí dréachtaithe reachtacha thuasluaite a chur ar fáil chuig Ranna Rialtais ar leith. (Féach ‘Mar a oibrímid’ lch. 35)

Baineann obair an ODP le réimse leathan ábhar agus réimsí dlí, lena n-áirítear an méid seo a leanas-

- reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí substaintiúla dlí, bunreachtúla nó coiriúlachta,
- reachtaíocht lena mbaineann tábhacht mhór polaitiúil,
- reachtaíocht rialála agus theicniúil,
- reachtaíocht airgeadais,
- reachtaíocht lena dtugtar éifeacht don dlí idirnáisiúnta agus oibleagáidí AE.



## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ("OPAS") an príomhsholáthraí seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus don Rialtas.

Tá 332 ball foirne san OPAS faoi láthair, lena n-áirítear thart ar 175 aturnae, 26 oifigeach feidhmiúcháin dlí agus 131 ball foirne tacaíochta riaracháin. Tá sí eagraithe ina 5 Rannán dlí agus foroinnte ina 16 rannóg agus aonad dlí. (Féach 'Mar a oibrímid' lch. 36)

Cuireann an OPAS seirbhís iomlán chomhairleach, dlíthíochta agus idirbheartaíochta aturnae ar fáil ar fud raon leathan réimsí, an méid seo a leanas san áireamh -

- dlíthíocht bhunreachtúil, shibhialta agus tráchtála a bhaineann le Ranna agus Oifigí cliaint agus An Garda Síochána,
- athbhreithniú breithiúnach (ginearálta agus maidir le hinimirce agus tearmann),
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát roimh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Chúirt Ghinearálta agus Cúirt Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa,
- eiseachadadh, barántas gabhála Eorpach agus dlíthíocht um chúnamh frithpháirteach,
- dlíthíocht fostaíochta,
- ionchoisní agus ionchúisimh Airí,
- airgead calaoiseach nó airgead a fhaightear trí choiriúlacht a aisghabháil,




- iarratais habeas corpus,
- éilimh thortacha,
- ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint i gcomhréitigh agus in eadráin,
- ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint roimh Bhinsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdúcháin,
- seirbhís tíolactha idirbheartaíochta do Ranna Rialtais agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP),
- léasú agus ceadúnú tráchtála,
- cúrsaí tiarna talún agus tionónta,
- urrús ar réadmhaoin chun infheistíochtaí caipitil Stáit a chosaint,
- cineachadh réadmhaoin réadúil agus pearsanta chuig an Stát faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus faoin Acht Comharbais 1965,
- dlí comhshaoil agus pleanála,
- dlí fuinnimh in-athnuaite agus muirí,
- dlí státchabhrach agus na hiomaíochta,
- dlí na gcuideachtaí agus rialachas corparáideach,
- seirbhísí dlí iomlána idirbheartaíochta i ndáil le soláthar poiblí agus tráchtáil a sholáthar don Oifig um Sholáthar Rialtais agus do Ranna Rialtais.

## Fostaithe Dlí Iasachtaithe

Tá 37 Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar chomhairlí dlí inmheánacha ar fud fhormhór na Ranna Rialtais a bhunaíonn nó a théann isteach in Aonaid Dlí roinne, agus leabaíonn siad soláthar comhairle dlí i ngnó laethúil Ranna Rialtais. Tá Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht freisin mar ataiséanna dlí do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann don AE, agus is féidir le habhcóidí eile a bheith ar iasacht d'institiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Tá Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe páirteach i ngach mórcheist dlí laistigh de Ranna agus cuireann siad comhairle dlí ar fáil go díreach do na Ranna. Gníomhaíonn siad mar nasc idir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne.

Chomh maith leis sin, tugtar Aturnaetha Stáit ar iasacht do chomhlachtaí poiblí éagsúla chun comhairle agus cúnamh dlí inmheánach a sholáthar; Ranna Rialtais, Binsí Fiosrúcháin, Coimisiúin Imscrúdúcháin agus institiúidí Eorpacha san áireamh.




## An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise & Eolais

Tá eolas agus saineolas dlí ríthábhachtach don Oifig i ndáil le seirbhísí gairmiúla a sholáthar. Faigheann an fhoireann dlí tacaíocht ó bhaill foirne a bhfuil saineolas acu i seirbhísí leabharlainne, bainistíocht faisnéise, taighde dlí agus eolas dlí a bhainistiú.

## Seirbhísí Corparáideacha

Tá foireann riaracháin agus tacaíochta saineolaíoch agus tiomnaithe ag an Oifig a bhfuil ról barrthábhachtach acu chun soláthar seirbhísí na hOifige chuig a cliaint a éascú agus cuidiú a thabhairt ina leith trí na seirbhísí a leanas a sholáthar:

Tá an **Fhoireann Tacaíochta Dlí** freagrach as tacaíocht chléireachais agus cúnamh riaracháin a sholáthar don fhoireann dlí, do Chinn na hOifige agus don Ard-Aighne.


Tá **Acmhainní Daonna** freagrach as cleachtas forásach AD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm san Oifig.

Trí **Oiliúint agus Forbairt**, tugtar tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne thrí dheiseanna seachtracha oiliúna agus oideachais a chur ar fáil mar aon le himeachtaí  inmheánacha CPD dlíthiúla.

Tá an rannóg **Airgeadais agus Cuntas** freagrach as cúrsaí airgid na hOifige a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha airgeadais i bhfeidhm.


Tá an rannóg **Bainistithe Seirbhísí agus Áiseanna** freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an áitreabh agus ar áiseanna, ar ghnéithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, agus réimse seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil don fhoireann.

Tá an rannóg **TFC**  freagrach as córais crua-earraí agus bogearraí TFC na hOifige a bhainistiú, a fhorbairt agus a chothabháil; bainistíocht cáis, táirgiúlacht na hoifige, líonra sonraí agus córais cumarsáide san áireamh.



**Clárlann/Taifid** Tá feidhmeanna áirithe bainistithe comhad agus taifead ag na hAonaid seo, lena n-áirítear i ndáil le oibleagáidí de gach ceann de na hOifigí ón gCartlann Náisiúnta.

# Príomhpháirtithe leasmhara



# Ár luachanna

## IONRACAS

Féachaimid leis na caighdeáin eitice is airde a bhaint amach trí lánionracas a chur i bhfeidhm inár seirbhísí a sholáthar agus inár n-idirghníomhaíochtaí lena chéile, lenár gcliaint agus lenár bpáirtithe leasmhara.

## NEAMHCHLAONTACHT

Tá na seirbhísí dlí a sholáthraímid oibiachtúil, neamhchlaonta, tacaíonn siad le comhlíonadh riail an dlí agus cinntíonn siad go bhfuil an saoránach ag croílár na seirbhísí a sholáthraímid.

## GAIRMIÚLACHT

Soláthraíonn an Oifig sainseirbhísí dlí don Rialtas atá an-ghairmiúil agus tá meas aici ar an ról barrthábhachtach a chomhlíonann na seirbhísí tacaíochta chun cuidiú leis na seirbhísí sin a sholáthar.

## ARDCHAIGHDEÁN

Tá foireann na hOifige mórálach as na caighdeáin is airde seirbhísí dlí a sholáthar dár gcliaint agus tá an fhoireann dúthrachtach faoi thacú le forbairt ghairmiúil leanúnach i measc ár bhfoirne d'fhonn an caighdeáin sin a choinneáil.

## MEAS

Tá foireann na hOifige dúthrachtach faoi chultúr a chothú ina léirítear meas, dínit, comhionannas agus éagsúlacht agus ina n-aithnítear luach agus rannpháirtíocht na foirne ar fad, ina spreagtar comhghleacaíocht agus ina gcuirtear timpeallacht oibre dhearfach agus shláintiúil chun cinn do chách.

Tá ár luachanna ag teacht leis na caighdeáin de réir mar a léirítear i gCód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.



# Dualgas i leith comhionannas agus cearta an duine san earnáil phoiblí

**Ina ról mar phríomhsholáthraí seirbhísí dlí don Stát, agus ina ról mar fhostóir, tá an Oifig dúthrachtach faoina cuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.**

## Mar sholáthraí seirbhíse

Príomhról na hOifige is ea cuidiú le cliaint a gcuid cuspóirí beartais a chur i bhfeidhm trí sheirbhísí comhairleacha dlí, dlíthíochta, idirbheartaíochta agus dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar. Maidir leis na seirbhísí sin, tá sé ríthábhachtach aird iomlán a thabhairt ar an mBunreacht agus ar an dlí Eorpach agus idirnáisiúnta i ndáil le comhionannas, éagsúlacht agus cearta an duine. Mar phríomhsholáthraí seirbhísí dlí don Stát, d'fhorbair an Oifig tuiscint mhór ar na hoibleagáidí dlí atá ag teacht chun cinn sa réimse sin agus déantar an tuiscint sin a chothabháil. Tá an Oifig dúthrachtach faoi leanúint d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach lena chinntiú go mbeidh an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi fhorbairtí dlí sna réimsí sin. Tá an Oifig dúthrachtach faoi leanúint den mheon agus den chleachtas sin i ndáil le seirbhísí dlí a sholáthar dá cliaint.

## Mar fhostóir

Tá an Oifig dúthrachtach faoi bheith ina hionad oibre atá ionchuimsitheach, éagsúil agus ina léirítear meas ar chearta an duine agus comhionannas na foirne. Táimid dúthrachtach faoi oibriú leis an Státseirbhís i gcoitinne agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun bealaí a aimsiú i leith fórsa saothair a bhaint amach ina léirítear an tsochaí éagsúil ina mairimid.



Chun tacú linn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 a chomhlíonadh, cuirfidh an Oifig Cóid agus Cleachtais um Éagsúlacht agus Comhionannas i bhfeidhm arna bhforbairt ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Glacfaidh an Oifig uirthi féin fostaithe agus bainisteoirí a chur ar an eolas faoi na cearta agus freagrachtaí atá i gceist faoi na beartais agus cóid seo.

Tá an Oifig dúthrachtach faoi bhearta feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus chun a cuid oibleagáidí earnála poiblí a bhaint amach faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005. Cuirfimid foirgneamh agus ionad oibre ar fáil a mbeidh rochtain fhisiciúil ag cách orthu. Tá Oifigigh Caidrimh Míchumais ceaptha ag an Oifig atá ar fáil chun cuidiú le baill foirne atá faoi mhíchumas.

Tugaimid tús áite d'fholláine agus do shláinte mheabhrach ár mball foirne.



# Clár an Rialtais

**Táimid dúthrachtach faoi thacú leis an Rialtas Clár an Rialtais – "Ár dTodhchaí le Chéile" a chur i bhfeidhm.**

Tugtar gealltanas faoin gClár tabhairt faoi athchóiriú bunreachta i líon réimsí barrthábhachtacha agus chun na críche sin, déantar machnaimh i ndáil le roinnt reifreann a reáchtáil.

Faoin gClár, déantar tuilleadh machnaimh maidir le tabhairt faoi roinnt tionscadail reachtacha aonair d'fhonn reachtaíocht nua a achtú agus d'fhonn athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar reachtaíocht reatha. Tá an Oifig ag súil go mbeidh freagra reachtach, dlí agus/nó eagraíochta ag teastáil chun go leor de na tosaíochtaí straitéiseacha eile de chuid an Rialtais a bhaint amach.

Aithneoidh an Oifig gach acmhainn atá ar fáil di atá riachtanach chun éascaíocht a dhéanamh ar an Rialtas i ndáil lena chuid tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus féachfar leis na hacmhainní sin a chur i bhfeidhm.



# Gníomhú ar son na haeráide

**Táimid dúthrachtach faoi thacú le straitéisí an Rialtais i ndáil le gníomhú ar son na haeráide.**

## Mar sholáthraí seirbhíse

Cuirfimid gach seirbhís chomhairleach dlí, dréachtaithe reachtaíochta, dlíthíochta agus idirbheartaíochta ar fáil do Ranna cliaint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le cur i bhfeidhm beartas agus gníomhartha a bhaineann lena gcuid spriocanna i ndáil le gníomhú ar son na haeráide.

## Mar oifig

Ní mór don Oifig a cleachtais oibre a chur in oiriúint d'fhonn ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Táimid dúthrachtach tabhairt faoi bheartais ghlasa inár ngnó a riar agus inár n-oifigí a bhainistiú, mar shampla, trí thionscnaimh chun úsáid fuinnimh a laghdú, chun úsáid páipéar agus plaisteach a laghdú, chun athchúrsáil a mhéadú agus chun ár lorg carbóin a laghdú.



# Dúshláin i dtimpeallacht atá ag athrú

**Cé go bhfuil an tsochaí ag dul in oiriúint do na hathruithe a tháinig chun cinn de bharr phaindéim Covid-19 agus gur tugadh aghaidh ar go leor de na himpleachtaí láithreacha a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, tá go leor dúshlán roimh ár sochaí agus roimh an ngeilleagar de bharr an chogaidh san Úcráin. Leanann an Oifig ag cabhrú leis an Rialtas a thosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir i bhfianaise na ndúshlán nua agus reatha sin.**

Le linn dúinn an Straitéis seo a fhorbairt, thug muid faoi chomhairliúchán inmheánach foirne agus faoi rannpháirtíocht spriocdhírithe le Príomh-Ranna agus Oifigí cliaint.

Ag eascairt as an gcomhairliúchán sin d'aithin muid roinnt príomhdhúshlán a mbeidh tionchar acu ar ár dtimpeallacht oibriúcháin agus ar an mbealach a sholáthraímid seirbhísí dlí thar shaolré an Ráitis Straitéise seo:

- **An cogadh san Úcráin:** tá an Stát diongbháilte ina dhlúthpháirtíocht agus ina thacaíocht don Úcráin agus tugadh gealltanais cabhrú le daoine atá easáitithe ag an ngéarchéim dhaonnúil a spreag an cogadh. Eascraíonn réimse leathan saincheisteanna dlí as freagairt an Stáit ar an gcogadh, agus na seirbhísí atá á n-imscaradh chun tacú leis na daoine easáitithe. Ní mór don Oifig a bheith ar fáil don Rialtas chun a chinntiú gur féidir bearta atá lárnach i bhfreagairt na hÉireann a chur i bhfeidhm chomh tapa agus chomh héifeachtúla agus is féidir.
- **An geilleagar:** spreag an cogadh san Úcráin agus fadhbanna slándála fuinnimh turraing ar phraghsanna fuinnimh a tháinig chun cinn ar fud an domhain, agus an Eoraip ina croílár. Mar thoradh air sin, tháinig méadú mór ar bhrúnna boilscithe in Éirinn, agus ar fud beagnach gach geilleagar ardfhorbartha, le dhá mhí dhéag anuas, agus taifeadadh meánbhoilsciú bliantúil de 8 faoin gcéad do 2022. Beidh tionchar aige sin ar nádúr na seirbhísí dlí a theastaíonn ón Rialtas thar shaolré na straitéise agus ní mór don Oifig freagairt do na riachtanais athraitheacha sin.
- **Earcaíocht agus coinneáil:** ní mór don Oifig leanúint uirthi ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le baill foirne den chaighdeán is airde a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil i margadh atá thar a bheith iomaíoch. Agus fás leanúnach ar fhostaíocht in Éirinn le linn 2022 agus 2023, tá an tír ar an mbealach go dtí lánfhostaíocht agus éileamh mór ar scileanna i ngach earnáil. Chuige sin, beidh ar an Oifig tionscnaimh nuálacha a chur ar fáil chun a chinntiú go ndéanfar baill foirne ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil go héifeachtach i margadh dlí atá ag éirí an-iomaíoch.
- **Aeráid agus comhshaol:** leagann Clár an Rialtais béim shuntasach ar thionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na haeráide agus na bithéagsúlachta, a mbeidh réitigh nuálacha dlí agus



reachtaíochta ag teastáil uathu chun éifeacht a thabhairt do bheartais an Rialtais sa réimse seo.

- **Tithíocht:** tá dúshláin ollmhóra roimh an Stát faoi láthair chun freastal ar riachtanais tithíochta ár muintire. Mar fhreagra air sin, sheol an Rialtas *"Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn"* i Meán Fómhair 2021. Is plean ilbhliantúil, ilbhilliún euro é ina leagtar amach roinnt beartas a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sistéamacha sa chóras tithíochta. Teastóidh comhairle agus tacaíocht na hOifige chun na beartais seo a chur i bhfeidhm, agus ní mór don Oifig a chinntiú go bhfuil sé d'acmhainn aici an tacaíocht sin a chur ar fáil a mhéid is féidir.

- **Gnóthaí Eorpacha:** is dúshlán leanúnach don Rialtas agus don Oifig seo araon é méid agus fairsinge na reachtaíochta a thagann ón AE. Is dócha go mbeidh gá le tuilleadh acmhainní a dhíriú ar rannpháirtíocht an Stáit ar leibhéal an AE, ag féachaint go háirithe do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Ní mór don Oifig leanúint freisin de thacaíocht éifeachtach a thabhairt don Rialtas agus do Ranna cliaint i dtaca le forbairt reachtaíochta ar leibhéal Eorpach agus idirghabháil in ábhair atá os comhair na gcúirteanna Eorpacha.

- **Cúrsaí Digiteacha:** tá an clár oibre digiteach ag forbairt go tapa ar leibhéal an AE agus cuireann sé dúshláin agus deiseanna ar fáil do Ranna agus d'Oifigí cliaint go léir. Ní mór don Oifig a bheith ullamh aghaidh a thabhairt ar chorpas oibre an-fhairsing atá ag dul i méid a cruthaíodh ó dhúil ár gcliant teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar bhealach eiticiúil agus iontaofa.



# Ár straitéis

**Forbraíodh ár straitéis trí rannpháirtíocht spriocdhírithe le Ranna cliaint barrthábhachtacha, trí chomhairliúchán inmheánach ar fud chomhchodanna na hOifige agus trí dhianscrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht ina n-oibrímid.**

Léiríonn sé seo tionchar tiomána ár straitéise is é sin oibriú i ndlúthchomhair lena chéile ar fud na bhfoirne dlí agus neamhdhlí laistigh den Oifig a chuireann gach ceann acu seirbhísí ríthábhachtacha agus saineolaíocha ar fáil, agus oibriú le cliaint de chuid an Rialtais maidir lenár gcomhchuspóir a bhaint amach i ndáil lenár misean agus fís a chomhlíonadh. Aithnímid gur gá dúinn a bheith solúbtha agus sofhreagúil go leor le go mbeimid in ann gníomhú i ndáil le riachtanais dlí reatha agus amach anseo ag Ranna agus Oifigí Rialtais agus gníomhú i ndáil le hathruithe sa timpeallacht sheachtrach. Táimid dúthrachtach faoi chuir chuige nuálacha a ghlacadh nuair is cuí chun na riachtanais sin a bhaint amach agus an fhoireann agus an eagraíocht a fhorbairt. Tá sé seo ag teacht freisin le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh an Oifig monatóiriú agus athbhreithniú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn i ndáil lena spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach.

Tabharfaimid faoi cheithre sprioc straitéiseacha bharrthábhachtacha:

- FREASTAL AR ÁR GCLIAINT
- CAIDRIMH A FHORBAIRT
- ACMHAINN A FHORBAIRT
- TACÚ LEIS AN BHFOIREANN


Oifig an Ard-Aighne
Office of the Attorney General

# Sprioc Straitéiseach 1 Freastal ar ár gcliaint

Sainseirbhís dlí a sholáthar trína mbaintear amach riachtanais ár gcliant

| Cuspóirí | Gníomhartha |
| --- | --- |
| **1. Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar trína mbaintear amach riachtanais ár gcliant** | 1. Réimsí speisialachais a athbhreithniú agus a nuashonrú mar fhreagra ar thosca seachtracha agus riachtanais cliant, a chinntiú go bhfuil ár gcliaint ar an eolas faoi fhairsinge ár speisialachais agus idirphlé lenár gcliaint a spreagadh chun réimsí a aithint ina bhféadfadh leathnú a bheith ag teastáil<br>2. Freagairt agus athruithe a dhéanamh i leith forbairtí sa timpeallacht dlí san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon<br>3. Leanúint de thacaíocht a thabhairt dár gClár Iasachta agus é a fheabhsú agus a leathnú, bearta a chur chun feidhme lena chinntiú go bhfreastalóidh an Clár ar riachtanais na hOifige agus a cliant san fhadtéarma |
| **2. Sainseirbhís dréachtaithe dlí a chur ar fáil trína dtugtar éifeacht do bheartas an Rialtais** | 1. Billí a leagtar amach i gClár Reachtaíochta an Rialtais a dhréachtú, mar aon le billí práinneacha eile de réir mar a bheifí ag teastáil ón Rialtas ó am go chéile, agus aon ionstraimí reachtúla atá ag teastáil ón Lámhleabhar Comh-Aireachta<br>2. A bheith rannpháirteach le Coiste Reachtaíochta an Rialtais chun cuidiú le Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais<br>3. Comhordú le cliaint a bharrfheabhsú d'fhonn bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar thionscadail reachtacha i gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta an Rialtais, an Lámhleabhar Comh-Aireachta san áireamh |
| **3. Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith cuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár gcliant i réimsí na tíolactha, maoine, soláthair phoiblí agus dlí tráchtála** | 1. Ár dtaithí agus eolas dlí a úsáid chun réitigh phraiticiúla a leagan amach agus a fhorbairt ina mbaintear amach riachtanais áirithe ár gcliant<br>2. Cur chuige comhoibríoch a spreagadh i leith fadhbanna a réiteach<br>3. Comhthuiscint ar riosca a chur chun cinn maidir le réitigh a lorg dár gcliaint<br>4. Feasacht ar chostais dlí a chur chun cinn agus comhoibriú le cliaint chun ualach costas dlí an Stáit a laghdú<br>5. Dul i mbun oibre go luath le soláthar nua, tionscadail tráchtála agus mórchonarthaí chun soláthar comhairle bhríoch a éascú ag pointí cuí<br>6. Dul i gcomhpháirtíocht lenár gcliaint chun tuiscint luath a fháil ar a dtosaíochtaí oibríochtúla chun ár seachadadh seirbhíse dlí a mhúnlú |

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **4. Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha** | 1. Bainistíocht cáis réamhghníomhach a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid dlíthíochta nuair a fhaightear iad chun straitéis fhoriomlán a chinneadh, lena n-áirítear an bhféadfaí réiteach luath a dhéanamh, costais dlí a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus cur amú am cúirte a chosc<br>2. Nósanna imeachta a bhunú chun déileáil le dlíthíocht il-chliant chun treoracha tráthúla a chinntiú<br>3. Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid dlíthíochta nuair a chríochnaítear iad chun a fháil amach cad iad na ceachtanna is féidir a ghlacadh ónár dtaithí agus comhghleacaithe a spreagadh chun a dtaithí a roinnt ar dhlíthíocht ardphróifíle agus chasta a bhainistiú<br>4. Úsáid próisis Réitigh Mhalartacha Díospóide amhail Idirghabháil nó Eadráin a chur chun cinn nuair is cuí<br>5. Dul i gcomhpháirtíocht leis an gcliant lena chinntiú go bhfaightear faisnéis agus treoracha iomlána ag tús cáis chun plé luath a dhéanamh leis an gcliant maidir leis an mbealach is fearr le dul i ngleic leis an dlíthíocht agus cásanna oiriúnacha a aithint le haghaidh socraithe nó Réiteach Malartach Díospóide |
| **5. I bhfianaise forbairtí a ghluaiseann go tapa ar leibhéal an AE, seirbhís bhreisithe dlí AE a chur ar fáil dár gcliaint** | 1. A chinntiú go ndéanfar saincheisteanna dlí AE suntasacha a rianú agus a chomhordú ar fud na hOifige<br>2. Comhairle luath a chur ar fáil do chliaint maidir le hidirghabhálacha roimh an gCúirt Bhreithiúnais agus tionscadail agus tograí beartais AE<br>3. Ranna cliaint a spreagadh a bheith rannpháirteach le hAbhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe agus leis an Oifig i ndáil le reachtaíocht a shocrú agus a fhorbairt ag leibhéal an AE chun cuidiú le saincheisteanna dlí intíre a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar thograí reachtacha a aithint<br>4. Rannpháirtíocht luath ag cliaint leis an Oifig a chur chun cinn maidir le bearta AE a thrasuí go tráthúil chun an fhéidearthacht agus na tionchair a bhaineann le gníomhartha sáraithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne na hÉireann a laghdú<br>5. Rannpháirtíocht luath ag cliaint leis an Oifig a chur chun cinn maidir le dlí-eolaíocht CBAE a fhorbairt |
| **6. Feabhas a chur ar eolas cliant ar sheirbhísí na hOifige agus rochtain ar na seirbhísí sin** | 1. Nósanna imeachta i ndáil le rochtain ar ár seirbhísí a shimpliú<br>2. Tionscnaimh a fhorbairt chun tuiscint cliant a fheabhsú ar nósanna imeachta na hOifige, ar shainréimsí ar a gcuirimid comhairle ar fáil, agus ar na seirbhísí a sholáthraímid<br>3. Faisnéis a chur ar fáil do chliaint d'fhonn róil na nDréachtóirí Parlaiminte, na nAbhcóidí Comhairleacha, na nAbhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe, na nAturnaetha Stáit Iasachtaithe agus an OPAS a shoiléiriú |
| **7. Prionsabail Dlíthíochta an Stáit a bhunú a ndéanfaidh an Stát iarracht seasamh leo mar dhlíthí in imeachtaí dlí** | 1. Prionsabail Dlíthíochta Stáit a fhorbairt i gcomhar le Ranna agus Oifigí cliaint<br>2. Ról tábhachtach an Stáit mar dhlíthí a chur in iúl do Ranna agus Oifigí cliaint<br>3. Comhpháirtíocht le Ranna agus Oifigí cliaint chun cloí le Prionsabail Dlíthíochta an Stáit a chur chun cinn.<br>4. Úsáid próisis mhalartacha réitigh díospóide amhail idirghabháil nó eadráin a spreagadh nuair is cuí |

# Sprioc Straitéiseach 2 Caidrimh a fhorbairt

## An bealach ina n-oibrímid agus ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach

| Cuspóirí | Gníomhartha |
| --- | --- |
| **1. Naisc níos láidre lenár gcliaint agus lenár bpáirtithe leasmhara a fhorbairt** | 1. Rannpháirtíocht struchtúrtha le cliaint a ghlacadh d'fhonn ár dtuiscint ar chuspóirí beartais agus riachtanais ár gcliant a fheabhsú<br>2. Teagmháil a dhéanamh lenár gcliaint ar bhealach atá dírithe ar réiteach agus comhoibríoch, tríd an tionscnamh maidir le caidrimh idir cliaint agus oifigigh freisin<br>3. Úsáid a bhaint as na tairbhí a bhaineann le haonaid dlí inmheánacha agus daoine ar iasacht atá leabaithe i Ranna chun naisc a fhorbairt le cliaint<br>4. Leas a bhaint as réitigh nua teicneolaíochta chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a chothú trí thionscnaimh amhail an uirlis nua um údarú reachtach<br>5. Tionscnaimh a fhorbairt d'fhonn ár gcaidreamh le páirtithe leasmhara a neartú, amhail cláir oiliúna agus for-rochtana a sholáthar |
| **2. An t-ardán eolais dár gcliaint a mhéadú** | 1. Comhthuiscint idir ár bhfoireann agus ár gcliaint a fheabhsú trí chumarsáid mhaith d'fhonn an tseirbhís dlí is fearr agus is féidir a chur ar fáil<br>2. Comhoibriú lenár gcliaint chun feasacht a ardú faoi cheisteanna agus próisis dlí lena n-áirítear próisis institiúidí Eorpacha<br>3. Cláir atá againn cheana a fhorbairt chun oiliúint, faisnéis agus eolas a sholáthar do chliaint agus iad a spreagadh réimsí a aithint dúinn ina rachadh oiliúint dlí chun tairbhe<br>4. Feasacht cliant a chur chun cinn maidir le dlíthíocht a riar ina léirítear Prionsabail Dlíthíochta an Stáit |
| **3. Rannpháirtíocht luath le cliaint a chur chun cinn** | 1. Rannpháirtíocht luath idir cliaint agus páirtithe leasmhara a spreagadh, go háirithe nuair atá cliaint agus/nó páirtithe leasmhara iomadúla i gceist<br>2. Ár gcliaint a spreagadh chun a nAonaid Dlí inmheánacha a úsáid go hiomlán trí na hAbhcóidí Comhairleacha ar Iasacht a bheith rannpháirteach i ngach ábhar a bhfuil gné dhlíthiúil ag baint leis<br>3. Rannpháirtíocht luath idir cliaint agus an Oifig a éascú |

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **4. Naisc a láidriú le hAbhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe agus le hAturnaetha Stáit Iasachtaithe** | 1. Naisc idir Abhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe, Aturnaetha Stáit Iasachtaithe i Ranna agus an Oifig a láidriú, trí thionscnaimh a spreagann comhroinnt eolais agus taithí, imeachtaí a chothaíonn agus a cheiliúrann na naisc idir comhghleacaithe ar fud na státseirbhíse agus freastal ar chruinnithe agus imeachtaí de chuid na hOifige ar bhonn rialta<br>2. A chinntiú go gcoinnítear Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht agus Aturnaetha Stáit ar Iasacht cothrom le dáta maidir le forbairtí san Oifig |
| **5. Cumarsáid agus comhoibriú a láidriú ar fud na hOifige** | 1. Comhoibriú a dhéanamh trí chomhroinnt eolais, FGL, coistí agus tionscnaimh idir-Oifigí<br>2. Comhroinnt faisnéise idir ár bhfoireann atá i mBuan- Ionadaíocht na hÉireann don AE agus d'institiúidí Eorpacha agus an Oifig i gcoitinne a fheabhsú |

# Sprioc Straitéiseach 3 Acmhainn a fhorbairt

## A bheith inár n-oifig chomhaimseartha, shofhreagrúil agus fhuinniúil dlí agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliaint agus ár bhfoireann

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **1. Réitigh TFC a sholáthar chun tacú lenár bhfoireann an leibhéal riachtanach seirbhíse a chur ar fáil dár gcliaint** | 1. Réitigh cianrochtana éifeachtacha a choinneáil agus a fheabhsú mar is gá<br>2. Teicneolaíochtaí reatha na hOifige a athbhreithniú agus a bharrfheabhsú agus iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht teicneolaíochtaí eile atá ar fáil chun éifeachtúlacht oibríochtaí gnó san Oifig a fheabhsú<br>3. Córais bainistíochta eolais fíoréifeachtacha a chothabháil<br>4. Rochtain ar líne ar reachtaíocht na hÉireann a nuashonrú agus a fheabhsú trí Ríomhleabhar Reachtaíochta na hÉireann (rLRÉ)<br>5. Córas bainistíochta cásanna na hOifige a athbhreithniú agus a fheabhsú<br>6. Córas nua bogearraí a sholáthar agus a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Seirbhís Thithe an Oireachtais, chun éifeachtúlachtaí a sheachadadh maidir le reachtaíocht a údarú, a leasú agus a fhoilsiú |
| **2. Foireann den scoth a earcú agus a choinneáil** | 1. Straitéisí AD a fhorbairt tuilleadh, a nuashonrú agus a leabú ina gcuimsítear pleanáil fórsa saothair, earcú éifeachtach agus polasaithe oibre cianda nó cumaisc nó solúbtha na Státseirbhíse nuair is infheidhme<br>2. Bealaí nua earcaíochta a fhorbairt a mbeidh feabhas ar phróisis earcaíochta mar thoradh orthu<br>3. Cothromaíocht inscne a chur chun cinn san eagraíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chothromaíocht inscne sna soláthraithe seirbhíse seachtracha a choinnímid<br>4. Infheistíocht a dhéanamh san fhoireann d'fhonn barr a gcumas a bhaint amach agus a saineolas a choinneáil in áit mhargaidh dlí iomaíoch<br>5. Tionscnaimh bhreise a fhorbairt chun feasacht a ardú maidir le tábhacht agus ardphróifíl agus éagsúlacht na hoibre a dhéanaimid d'fhonn tallann a mhealladh chuig an oifig<br>6. Tionscnaimh bhreise a fhorbairt chun an fhoireann atá ann cheana a éascú agus réimsí éagsúla oibre a chur ar fáil agus dul chun cinn gairme a éascú d'fhonn an saineolas atá ann cheana a choinneáil |

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **3. Cultúr rialachais agus bainistíochta riosca na hOifige a fheabhsú** | 1. Coiste Bainistíochta Riosca réamhghníomhach a choinneáil<br>2. Ár bhfoireann a bheith rannpháirteach i straitéis agus próisis bhainistithe riosca na hOifige<br>3. Leanúint ar aghaidh ag ardú feasachta maidir le riosca<br>4. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bPolasaí agus struchtúir Bainistithe Riosca<br>5. Creataí Rialachais Chorparáidigh a chothabháil agus a nuashonrú |
| **4. Éifeachtúlachtaí a mhéadú i ndáil lenár seirbhísí a sholáthar** | 1. Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tograí beartais reachtacha a bheith á gceapadh agus á bhforbairt go hiomlán ag Ranna roimh sheirbhísí an ODP a fhruiliú<br>2. Nósanna imeachta i scríbhinn a fhoilsiú maidir le róil agus freagrachtaí faoi seach na nDréachtóirí Parlaiminte, na nAbhcóidí Comhairleacha agus na nAbhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe le linn an phróisis dréachtaithe<br>3. Seirbhís eagarthóireachta reachtaíochta a athbhunú chun tacú le hobair na hOifige maidir le dréachtreachtaíocht |

# Sprioc Straitéiseach 4 Tacú lenár bhfoireann


## Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus oibriú go héifeachtach i gcomhar lena chéile chun seirbhís den scoth a sholáthar dár gcliaint

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **1. Cultúr a chur chun cinn ina léirítear meas, dínit, comhionannas agus éagsúlacht san ionad oibre** | 1. A chinntiú go bhfuil na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an Ráiteas Straitéise seo follasach san ionad oibre<br>2. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú le tionscnaimh a chuirfidh comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn inár n-ionad oibre<br>3. Tacú le hobair Chomhlachtaí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí eile atá i mbun taighde agus ag déanamh moltaí maidir le cothromaíocht inscne agus bacainní i ngairm an dlí<br>4. Leanúint de ghné ghairmiúil, shaineolach ár bhfeidhme AD a fhorbairt tuilleadh agus a leabú chun tacaíocht dhearfach a chur ar fáil dár bhfoireann agus sinn a chumasú chun an tseirbhís a sholáthraímid dár gcliaint a bharrfheabhsú |
| **2. Barr feabhais a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistiú feidhmíochta agus forbairt** | 1. Forbairt scileanna idirphearsanta ár bhfoirne a chur chun cinn chun sinn a chumasú ár seirbhís a sholáthar ar bhealach atá chomh héifeachtach agus is féidir<br>2. A chinntiú go bhfuil tacaíocht ag ár bhfoireann chun na spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos mar chuid den chóras bainistíochta feidhmíochta agus forbartha<br>3. Leanúint le rannpháirtíocht na foirne i gcláir mheantóireachta a chur chun cinn agus a spreagadh<br>4. Éascaíocht a dhéanamh ar réimse leathan deiseanna iasachta dár bhfoireann<br>5. Clár oiliúna saincheaptha a chur i bhfeidhm do Dhréachtóirí Parlaiminte Cúnta I |

| Cuspóirí | Gníomhartha |
|---|---|
| **3. Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann trí ardchórais bainistíochta eolais** | 1. Leabharlann dlí agus inlíon Oifige ardchaighdeáin agus réamhghníomhach a chothabháil mar fhoinsí eolais barrthábhachtacha a bhfuil rochtain níos fearr orthu ar líne<br>2. Imeachtaí oiliúna a roinnt laistigh den Oifig |
| **4. Cothromaíocht dhearfach oibre is saoil a chur chun cinn** | 1. Teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann ar bhonn rialta, lena n-áirítear trí thionscnaimh rannpháirtíochta foirne na státseirbhíse<br>2. Tionscnaimh a chur chun cinn ina dtreisítear ár gcultúr ar fud na hOifige agus ina leagtar béim air<br>3. Tacú le roghanna oibre solúbtha |
| **5. Cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn** | 1. Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua d'fhonn ár spleáchas ar pháipéar a laghdú<br>2. Ár bhfoireann a spreagadh i leith tionscnaimh "ghlasa"<br>3. Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm<br>4. Cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara agus iad a spreagadh oibriú linn agus ár dtiomantas a chomhlíonadh chun oiriúnú de réir mar is gá chun tacú le straitéisí an Rialtais um ghníomhú ar son na haeráide<br>5. Comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí spleáchas ar pháipéar a laghdú agus roghanna eile a spreagadh, mar shampla doiciméid chúirte a ríomhchomhdú agus Abhcóidí a ríomhfhaisnéisiú |
| **6. Cumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú** | 1. Beartais agus cleachtais cumarsáide inmheánacha a fhorbairt agus a chur in oiriúint d'fhonn cumarsáid laistigh den oifig a bharrfheabhsú |


# Mar a oibrímid

## Abhcóidí Comhairleacha




# Mar a oibrímid


## Dréachtóirí Parlaiminte



# Mar a oibrímid

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit



**Oifig an Ard-Aighne**
Office of the Attorney General

**Oifig an Ard-Aighne**
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath D02 R583

**Fón** (+353) 1 631 4000
**Facs** (+353) 1 676 1806

**DX Malartú Doiciméad** DX7 Dublin
**Ríomhphost** eolas@ag.irlgov.ie
www.attorneygeneral.ie

**Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**
Teach Osmond
Sráid na gCaorach Bheag
Baile Átha Cliath D08 V8C5

**Fón** (+353) 1 417 6000
**Facs** (+353) 1 417 6299

**DX Malartú Doiciméad** DX186 Dublin
**Ríomhphost** contact@csso.gov.ie